



Gaeltacht UCD

UCD Global Centre for Irish Language & Culture



TEASTAS EORPACH NA GAEILGE

Cúrsa ullmhúcháin do scrúdú ag leibhéal B1

(íosriachtanais iontrála do mhúinteoireacht bhunscoile)

Cláraigh anois: www.ucd.ie/irish

Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) an chéad chóras teastasaithe d'fhoghlaimoirí fásta Gaeilge.

Scrúdú inniúlachta Gaeilge atá in Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1). Tá sé dírithe, den chuid is mó, ar fhoghlaimoirí fásta in Éirinn nó thar lear atá ag freastal ar ranganna oíche nó ar chúrsaí eile Gaeilge. Tá sé oiriúnach chomh maith dóibh siúd atá i mbun staidéar príobháideach. Go bunúsach, is scrúdú é seo a fhreastalaíonn orthu siúd ar fad ar mhaith leo cruthúnas ar a gcumas sa teanga.

Tá an tsonraíocht atá mar bhunús le Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1) bunaithe go ginearálta ar na tuairiscíní do leibhéal B1 den bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha. Meastar gur cheart d'iarrthóirí a bhfuil leibhéal bhonnleibhéal 2 (A2) bainte amach acu timpeall 350-400 uair an chloig sa bhreis a chaitheamh i mbun staidéir sula dtugann siad faoin scrúdú seo.

Moltar d'éinne gur mhian leo tabhairt faoin gcúrsa ullmhúcháin seo tabhairt faoin **dTriail Socrúcháin Teanga atá ar shuíomh Ghaeltacht UCD** le cinntiú gurb é seo a leibhéal teanga is oiriúnaí dóibh.

Tá tuilleadh eolais ar TEG ag www.teg.ie